


What to expect after your COVID-19 vaccination:  
Advice for children and young people - Irish



**Cad atá i ndán duit i ndiaidh do**

# VACSAÍN COVID-19

**Comhairle do Pháistí agus  
do Dhaoine óga**



**Faigh tuilleadh eolais ag  
[www.nidirect.gov.uk/covid-vaccine](http://www.nidirect.gov.uk/covid-vaccine)**



**Tá an vacsaín in aghaidh  
COVID-19 curtha ar fáil  
ag an tseirbhís sláinte do  
pháistí agus daoine óga  
iomchuí.**

Insíonn an bhileog seo  
duit cad atá i ndán duit  
i ndiaidh do vacsaíne.

## Fo-iarmhairtí

Cosúil le gach leigheas, is féidir go dtiocfaidh fo-iarmhairtí ort. Tá an chuid is mó díobh seo éadrom agus gearrthréimhseach, agus ní thagann siad ar chách. Ba cheart nach maireann na fo-iarmhairtí rí-coitianta ach lá nó dhó. Is gnách go mbíonn níos mó fo-iarmhairtí i gceist leis an dara dáileog den vacsaín Pfizer ná an chéad dáileog.

I measc na fo-iarmhairtí coitianta lá nó dhó i ndiaidh duit an vacsaín a fháil tá:

- pian, troime agus soghortaitheacht sa ghéag ina bhfuair tú d'instealladh
- tuirse
- tinneas cinn, pian agus crithfhuacht

D'fhéadfadh go mbeadh siomptóim fliú agat le babhta creatháin ar feadh lá nó dhó. D'fhéadfadh teocht ard a léiriú go bhfuil COVID-19 nó ionfhabhtú eile ort, áfach.

Is féidir leat do scíth a ligean agus paraicéiteamól a thógáil (lean an chomhairle dáileoige ar an bpacáiste) chun biseach a chur ort.

Is fo-iarmhairt é do chuid faireoga ar d'ascaill nó do mhuinéal ar an taobh a bhfuair tú an vacsaín. D'fhéadfadh sé seo maireachtáil timpeall 10 lá, ach má mhaireann sé níos faide, lorg comhairle ó do dhochtúir.

## Cad ba cheart a dhéanamh má tá imní ort faoi d'fho-iarmhairtí

Maireann na siomptaim seo níos lú ná seachtain de ghnáth. Má éiríonn do shiomptóim níos measa nó má tá imní ort, is féidir leat nó le do thuismitheoirí glaoch a chur ar do dhochtúir nó ar seirbhís atá ar fáil taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre. Má lorgaíonn tú comhairle dochtúra nó altra, déan cinnte go n-insíonn tú leo faoin vacsaín (taispeáin dóibh an cárta vacsaíne, más féidir) chun gur féidir leo do pháiste a mheasúnú i gceart.

Is féidir fo-iarmhairtí amhrasta na vacsaíne agus leighis a thuairisciú ar líne trí scéime an Yellow Card nó tríd an aip Yellow Card a íoslódáil ag - [coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk](https://coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk).



[coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk](https://coronavirus-yellowcard.mhra.gov.uk)

## An bhfuil fo-iarmhairtí níos tromchúisí ann?

Le gairid, tuairiscíodh cásanna athlasta croí (darbh ainm miócairdíteas nó peireacairdíteas) go hannamh i ndiaidh vacsaíní COVID-19.

Feictear na cásanna seo i meas fir níos óige go hiondúil, laistigh de cúpla lá i ndiaidh an vacsaín a fháil. Tháinig biseach ar formhór na ndaoine sin agus mhothaigh siad i bhfad níos fearr tar éis dóibh a scíth a ligean agus cóir leighis simplí a fháil. Ba cheart duit comhairle a lorg ó do dhochtúir nó ón Roinn Éigeandála ar bhonn práinne má tá aon cheann de na fo-iarmhairtí seo a leanas ort:

- pianta cliabhraigh
- giorra anála
- croí atá ag preabadh, ag léim nó ag réabadh

## **An féidir COVID-19 a tholghadh ón vacsaín?**

Ní féidir COVID-19 a tholghadh ó na vacsaíní ach is féidir gur tholg tú COVID-19 agus nach dtugann tú faoi deara go dtí tar éis do choinne vacsaínithe. Is iad na fo-iarmhairtí COVID-19 is tábhachtaí ná má thosaíonn aon siomptóm de na cinn seo a leanas:

- casacht nua leanúnach
- teocht ard
- cailleadh nó athrú do bhlais nó do bholaidh (anoisme)

Cé go bhféadfadh fiabhras teacht ort laistigh de lá nó dhó i ndiaidh vacsaínithe, má tá aon siomptóm COVID-19 ort nó má mhaireann fiabhras tréimhse níos faide, fan abhaile agus socraigh tástáil duit féin.

## Cad é an chéad rud eile le déanamh



Ba cheart go dtabharfar cárta taifid duit i ndiaidh duit vacsaín a fháil. Cuirfear an dara dáileog ar fáil duit i ndiaidh 8 nó 12 seachtain.

Gheobhaidh tú faisnéis maidir leis an am is fearr duit chun an dara dáileog a fháil, ionas go dtabharfaidh sé an chosaint is fearr is faide duit.

**Coinnigh do chárta taifid slán. Má tá dáileog eile de dhíth ort, ná déan dearmad freastal ar an gcéad coinne eile.**

## Má tá tinn an lá den choinne

Má áiríonn tú tinn, is fearr fanacht go dtí go dtagann biseach ort chun do vacsaín a fháil.

Níor chóir duit freastal ar choinne vacsaíne má tá tú do d'fhéinleithlisiú, ag fanacht ar thástáil COVID-19 má fuair tú toradh dearfach ar thástáil COVID-19, ba chóir duit fanacht ar feadh 12 seachtain, nó 4 sheachtainí má tá tú faoi ard-riosca.

## An gcosnóidh an vacsaín thú?

Léirítear go laghdaíonn an vacsaín COVID-19 a fuair tú an seans go dtagann COVID-19 ort.

Tugadh na milliún dáileog den vacsaín do dhaoine timpeall an domhain. Tá an vacsaín rí-éifeachtach do pháistí agus do dhaoine óga.



D'fhéadfadh go dtógfaidh sé cúpla seachtain ar an vacsaín cosaint a neartú i do chorp. Cosúil le gach leigheas, níl gach uile vacsaín éifeachtach, mar sin ba cheart duit an réamhchúram cuí a leanúint le hionfhabhtú a sheachaint.

D'fhéadfadh daoine áirithe COVID-19 a tholghadh fós d'ainneoin an vacsaín, ach ba cheart go mbeadh an galar níos éadroime sa chás seo.

## Cad gur féidir a dhéanamh tar éis an vacsaín a fháil

Ní féidir leis an vacsaín bheith mar chúis leis an t-ionfhabhtú COVID-19 a tholghadh, agus laghdóidh an vacsaín an baol go mbeidh tú tinn. Tá sé fós tábhachtach treoracha reatha náisiúnta a leanúint. Is féidir freastal ar scoil, ollscoil nó an láthair oibre tar éis an vacsaín.

Chun tú féin, do theaghlach, do chairde agus do chomhghleacaithe a chosaint, ní mór duit fós:

- cuimhneamh ar scaradh sóisialta a dhéanamh
- masc aghaidhe a chaitheamh nuair a moltar é
- do lámha a ní go cúramach agus go minic
- fuinneoga a oscailt chun aer úr a ligean isteach
- lean na treoracha reatha

[www.nidirect.gov.uk/coronavirus](http://www.nidirect.gov.uk/coronavirus)




## Conas a scaiptear COVID-19

Scaiptear COVID-19 trí braoiníní análaithe as an srón nó as an mbéal, nuair atá duine a labhairt nó ag casacht go háirithe. Is féidir é a tholgadh trí lámh a chur ar do shúile, do shrón agus do bhéal tar éis teagmháil le rudaí agus dromchlaí truailithe freisin.

## Tuilleadh eolais

Léigh bileog eolais an táirge le do thoil le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi do vacsaín, na fo-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann san áireamh ar an suíomh gréasáin Yellow Card.

Is féidir fo-iarmhairtí amhrasta a thuairisciú trí aip an Yellow Card a íoslódáil. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag [www.nidirect.gov.uk/coronavirus](http://www.nidirect.gov.uk/coronavirus)



Eolas ceart ag dáta an fhoilsithe.  
Chun an leagan is deireanaí den bhileog seo agus formáidí malartacha, téigh chuig suíomh gréasáin na PHA  
[www.publichealth.hscni.net](http://www.publichealth.hscni.net)

© Crown copyright 2021

D'fhorbair Gníomhaireacht um Slándála Sláinte na Ríocht Aontaithe (UKHSA) an fhaisnéis seo ar dtús agus úsáidtear í faoi Cheadúnas Rialtais Oscailte v3.0



**Public Health Agency**  
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.  
Tel: 0300 555 0114 (local rate).  
[www.publichealth.hscni.net](http://www.publichealth.hscni.net)

Find us on:

